

## CAIBIDIL 31

### AN PHÉINTÉIREACHT REILIGIÚNACH

Go luath sa 15ú haois thosaigh gluaiseacht na ealaíne i bhFlondras. Bhí sí neamhspleách ar an obair nua a bhí ar siúl i bhFlórans na hIodáile ach bhí sí gach pioc chomh tábhachtach léi.

Ba chuid de Dhiúcacht na Burgúine é Flóndras ag an am, ceantar ba ea an Bhurgúin a chuimsigh achar mór talún i dTuaisceart na Fraince agus sa cheantar a dtugtar an Bheilg air anois. Bhí borradh mór i gcathracha Ghent agus Bruges an uair sin mar gheall ar chúrsaí trádála agus ar thionscal na holla. Bhí éileamh mór ag lucht rachmais na mbailte ar an bpéintéireacht reiligiúnach. Ní raibh greim ag gluaiseacht an daonnachais ar phobal Flóndrais agus d'fhág sé sin go raibh tionchar níos láidre ag an Eaglais sa chathair. Dála ealaíontóirí na hIodáile, bhí ealaíontóirí Fhlóndras an-tógtha leis an spás réaltaíoch agus le colainn an duine. Níorbh ionann an léiriú a bhí acu ar an nádúrchas, áfach.

#### Péintéireacht Phléimeannach

Tá cuma mheánaoiseach ar phéintéireacht na bPléimeannach mar gheall ar aghaidheanna sollúnta a gcuid fíoracha agus de bharr na staidiúirí amascaí a léirigh siad. Ba mhinic na radhairc reiligiúnacha á suí i ngnáth-thithe acu. Ní raibh cúrsaí peirspeictíochta chomh forbartha céanna acusan agus a bhí ag lucht na hIodáile i ba mhinic nár thug siad cúrsaí spáis leo i gceart, mar shampla. Ach fós féin is cinnte gur tháinig na healaíontóirí Iodálacha go mór faoina n-anáil. Bhí seifteanna cliste ag na Pléimeannaigh. D'úsáidís scáthán, mar shampla, ar mhaithe le taobhanna ceilte an tseomra a thaispeáint. Ba mhinic dóibh éachtaint ar tírdhreach a thabhairt trí fhuinneog oscailte. Thugaidís an nádúr leo go cáiréiseach. Dhéanadís mionléiriú ar bhláthanna, ar sheodra, agus ar éadaí fíneálta. Chuaigh na nithe sin go léir i gcion ar na hIodáil. Chomh maith leis sin thaitin an loinnir a chuireadh na healaíontóirí Pléimeannacha ar ghloine, ar mhíotal snasta, ar fhionnadh agus ar veilbhít le muintir na hIodáile. Bhí na Pléimeannaigh in ann na mionghnéithe sin a thabhairt slán ina gcuid oibre mar go meascaidís na dathlíocho traidisiúnta le hola in ionad uisce agus go ndéanadís an obair ar phainéil adhmaid. San aeráid thais bhí torthaí níos fearr air sin ná mar a bheadh ar fhreascónna. Chuireadh an olaphéint dromchla mín lonrach ar an bpictiúr agus nuair a thriomaíodh an péint d'fhágtáí bailchríoch chrua ar mhainistreacha luatha agus abair cén fheidhm a bhí ag na foirgnimh. Bhí teicníc eile ann nach raibh rófhhorleathan taobh amuigh de Fhlóndras, teicníc ina n-úsáid tí sraitheanna tanaí péinte, rud a thug saoirse d'ealaíontóir an rud ba mhine a léiriú.

#### Jan van Eyck (1390 - 1441)

Níorbh aon scéal nua i mblianta tosaigh an 15ú haois an phéintéireacht ola, ach bhain an t-ealaíontóir Jan van Eyck

ardchaighdeán scile agus deismireachta amach sa mheán sin. Bhí van Eyck ar dhuine den dream a chuir tús leis an Scoil Phléimeannach, agus d'oibrigh sé lena dheartháir, Hubert, ina chathair dhúchais, Ghent. Bhí Masaccio ag oibriú sa tréimhse chéanna i bhFlórans. D'fhorbair sé gné thábhachtach den phéintéireacht ar a dtugtar peirspeictíocht atmaisféarach, rud a chiallaíonn, ní hamháin go dtéann rudaí i laghad, ach go dtéann dathanna i léig agus nithe i ndoiléire sa tírdhreach i gcéin.

Cé nach bhfuil mórán ar eolas faoi van Eyck, is eol dúinn gur oibrigh sé do Philib Maith, diúc na Burgúine, ó 1425 go dtí gur éag sé sa bhliain 1441. Is cosúil go raibh ardmheas ag an diúc air, ní hamháin de bharr a chumais mar ealaíontóir ach de bharr a raibh bainte amach aige mar intleachtóir agus mar eolaí.

Ba é Jan van Eyck an chéad phéintéir ón tuaisceart ar léir a phearsantacht ar a chuid oibre. Olaphéint a d'úsáideadh sé agus tá bailchríoch ar a shaothar dá bharr sin atá an-éagsúil le pictiúir teampera na hIodáil. Ó tharla go dtriomaíodh an olaphéint go mall, bhí neart ama ag an ealaíontóir dathanna a mheascadh. Bhí níos mó saoirse aige athruithe a dhéanamh ná mar a bheadh aige leis an teampera uibhe a thriomaíodh go mear. D'fhágadh an teampera cuma thirim phúdrach ar na pictiúir go minic. Bíonn cuma thréshoilseach imrithe ar an bpéint iloibrítheach seo. Bhí van Eyck ábalta na mionghnéithe ba mhine a phéinteáil ar bhealach an-bheo trí shraith i ndiaidh sraithe d'olaphéint thanaí a leagan anuas ar a chéile, agus trí shraitheanna fíneálta de ghlonra a chur ar na gealáin.

#### Mír Altóra Ghent

Tá mír altóra Ghent ar cheann de na pictiúir is luaithe agus is mó dá chuid a tháinig slán. Ceaptar go raibh an bheirt



Fíor 31.1 ADHRADH AN UAIN, an painéal láir ó Mhír Altóra Ghent, Ardeaglais Naomh Bavo, Ghent

deartháireacha van Eyck ag obair air seo. Poiliptic (ilphainéal péinteáilte) atá ann de dhoirse atá péinteáilte ar bhealach suaimhneach neamhornaídeach. Is léir a dtábhacht, idir spioradálta agus intleachtúil, áfach, ach iad a oscailt. Dhá phainéal déag d'fhíoraigh atá laistiar, na fíoraigh an-mhion ar fad agus iad daite go hálainn. Léirítear comaoineach na naomh agus an “neamh nua agus talamh nua” (Apacailipsis Eoin) sa phainéal láir dar teideal *Adhradh an Uain* (fíor 31.1). Tá na naomh cruinnithe thart ar an altóir i nGairdín Pharthais mar fhinnéithe ar íobairt an uain a tháinig ó fhuil Chríost. Tá siombailí na Páise le feiceáil i lámha na n-aingeal. Tá dhá shlua de charachtair as an Sean-Tiomna agus as an Tiomna Nua ar aghaidh a chéile. Feictear baill de chuid na hEaglaise ann agus iad gléasta in éadach dearg na mairtíreach agus tá colm os a gcionn – siombail ar ghrásta Dé. Trasna na gcúig phainéal íochtair tá tírdhreach Pharthais le feiceáil agus tá radharc ar éigean ar na foirgnimh i gcéin in Iarúsailéim neamhaí.

### Maighdean an tSeansailéara Rolin

Ba nós leis na healaíontóirí a gcuid pátrún féin a léiriú go feiceálach ina gcuid bpictiúr. An-sampla den chleachtas sin is ea an saothar *Maighdean an tSeansailéara Rolin* le van Eyck (fíor 31.2). Is saothar é a bhfuil misteachas ag baint leis, cheapfá. Sa bhliain 1422 a rinneadh é do Nicolas Rolin, seansailéir nó príomh-aire na Burgúine.

Agus é ar a ghlúine ag machnamh agus ag guí go ciúin cráifeach leis féin ina phálas galánta, braitheann sé neach diaga a bheith i láthair agus tugann súil in airde agus feiceann an Mhaighdean

Muire. Tá an leanbh Íosa ina hucht aici agus aingeal os a cionn. Ardaíonn an leanbh a lámh in airde, é ag beannú don phátrún. Siombail den Mhaighdean is ea na líl i lár an lochtáin ach is í príomhtheachtaireacht an phictiúir ná gur tháinig Críost ar an saol leis an gcine daonna a shlánú ón bpeaca.



Fíor 31.2 MAIGHDEAN AN TSEANSAILÉARA ROLIN, Jan van Eyck, Louvre, Páras



FÍOR 31.3 ARNOLFINI AGUS A BHRÍDEACH, Jan van Eyck, An Gailearaí Náisiúnta, Londain



FÍOR 31.4 Sonraí an scátháin in ARNOLFINI AGUS A BHRÍDEACH, Jan van Eyck, An Gailearaí Náisiúnta, Londain

Tá van Eyck ina mháistir ar an bpeirspeictíocht líneach agus atmaisféarach, mar is léir ó na róbaí áille agus ó mhionsonraí an phictiúir. Díol suntais is ea tíleanna an urláir agus an radharc lánléargais atá le feiceáil tríd na háirsí, radharc atá ag síneadh amach thar an mbaile i dtreo na gcnoc i bhfad i gcéin.

324

### Arnolfini agus a Bhrídeach

Ó tharla go raibh ceangal tráchtála idir an lodáil agus an Bhurgúin, bhíodh lodalaigh rachmasacha ag obair i gcathracha an tuaiscirt agus bhíodh coimisiúin a mbronnadh acu ar phéintéirí na hÍsiltíre. Ar cheann díobh sin tá *Arnolfini agus a Bhrídeach* (fíor 31.3), an saothar is mó le rá de chuid van Eyck agus ceann de na pictiúir is cáiliúla ar domhan. Bhí an ceannaí lodálach Giovanni Arnolfini agus Giovanna Cenami ina gcónaí i mBruges agus d'ordaigh siad an pictiúr seo chun a ngealltanais pósta a cheiliúradh. Taispeántar iad ina bhfeistis fhíneálta deasghnácha. Tá hata mór ait á chaitheamh aige féin agus clóca a bhfuil na himill air maisithe le fionnadh. Gúna glas ollmhór veilbhite atá ar an mbean, agus na sonraí air – an lása agus an fionnadh – péinteáilte go mion mion aige. Sampla maith is ea an seomra den saol rachmasach, meánaicmeach. Ach tá an radharc simplí lán de shiombailí beaga – na bróga ar an urlár, mar shampla, is nod dúinn iad gur áit bheannaithe é a úsáidtear le haghaidh searmanas diaga. Siombail is ea an madra ar an dílseacht sa saol pósta; is tagairt do shoineantacht

an duine i nGairdín Éidin na torthaí atá ag an bhfuinneog; agus is léiriú ar gheanmnaíocht Mhuire iad na coirníní criostail agus an scáthán gan smál. Cuireann an choinneal aonair lasta in iúl go bhfuil Críost i láthair agus freisin go bhfuiltear ag glacadh móide. Tá an chuma ar an mbrídeach go bhfuil sí ag iompar clainne nó b'fhéidir go bhfuiltear ag súil go mbeidh páistí aici amach anseo.

### An Scáthán

Léiríonn an scáthán atá le feiceáil taobh thiar den lánúin scil agus teicníc an ealaíontóra. Tá deich gcinn de chiorcail bheaga ann, gach ceann díobh ag léiriú radharc beag ón bPáis, cruinnithe timpeall ar an lárphíosa. Sa lárphíosa féin is féidir an fhuinneog agus an leaba a fheiceáil. Tá cruth cruinn orthu mar gheall ar an ngloine cuartha sa scáthán. Ina theannta sin is féidir cúl na lánúine a fheiceáil, agus aghaidh an ealaíontóra is é ag obair leis.

Toisc go bhfuil an t-ealaíontóir sa phictiúr ceaptar go mb'fhéidir go raibh sé ina fhinné ag an searmanas. Chun béim a chur air seo, tá a shíniú scríofa sa pheannaireacht fhoirmeálta mhaisiúil os cionn an scátháin mar a bheadh cáipéis dlí ann – 'Johannes van Eyck fuit hic 1434' (Bhí Johann van Eyck a rinne 1434).

### Mír Altóra Portinari (*Íosa á Adhradh ag na hAoirí*)

Thaitin obair Jan van Eyck go mór leis na hIodálaithe ach chuaigh saothar péintéirí eile de chuid na hÍsiltíre i gcion orthu freisin. Bhí Tommaso Portinari ag obair i mbrainse de bhanc tráchtála Lorenzo de' Medici i mBruges agus bhronn sé coimisiún ar Hugo van der Goes *Íosa á Adhradh ag na hAoirí* (fíor 31.5) a phéinteáil. Thug Portinari an triptic ar ais go dtí séipéal i bhFlórans, áit ar tháinig na sluaite chun breathnú air. Sa phainéal láir tá léiriú ilchasta de Bhreith Chríost ina bhfuil naoimh agus aingil timpeall ar an Maighdean agus an Leanbh. Radharc aisteach is ea é agus tá sé lomlán le sonraí siombalacha. Tá cuma bheo chruthanta ar na haoirí ar a nglúine amuigh ar an imeall agus is díol suntais é an chondarsnacht eatarthu sin agus na fíoracha sollúnta stílithe diaga. Agus na haoirí tútacha garbha ag scrogaireacht go fíorasach chun radharc níos fearr a fháil, tá an t-iontas le feiceáil go soiléir ina n-aghaidh agus i ngeáitsí a lámh. Ba iad thar aon ní eile a chuaigh i gcion ar phátrúin agus ar ealaíontóirí i bhFlórans.

Tá *Íosa á Adhradh ag na hAoirí* ar crochadh i nGailearaí Uffizi sa seomra céanna le *Breith Véineas* ar péinteáladh timpeall an ama chéanna é.



FÍOR 31.5 ÍOSA Á ADHRADH AG NA HAOIRÍ, Hugo van der Goes, An Gailearaí Uffizi, Flórans

### Portráidíocht

Tá clú ar an bportráid seo i ngeall ar a réalachas agus chomh haireach is a bhí Van Eyck maidir le mionghnéithe a léiriú, ach chomh maith leis sin is é seo an chéad phictiúr lánfhada de dhaoine in eachtra a tharla san fhíorshaol. Thug sé stádas nua, níos tábhachtaí don phortráidíocht.

### Conclúid

Thug Jan van Eyck gnéithe nua den réalachas don pheinteireacht agus anuas air sin, thug sé scileanna péinteireachta ola chun foirfeachta. Go dtí an lá inniu tá *Arnolfini agus a Bhrídeach* ar cheann de na saothair ealaíne is cáiliúla i stair na healaíne. Íomhá d'fhíor-phósadh is ea é a mhórann an comhbhá daonna.

#### Ceisteanna

1. Céard iad na forbairtí teicniúla a rinne Jan van Eyck sa phéintéireacht?
2. Cén ceacht atá le foghlaim as *Adhradh an Uain*?
3. Céard a bhí i gceist le peirspeictíocht atmaisféarach?

#### Aiste

Déan comparáid idir stíl luath-Renaissance an tuaiscirt agus stíl na n-ealaíontóirí Iodálacha, agus abair cad iad na fáthanna a bhí leis na difríochtaí.

#### Staidéar ar phictiúr daite

1. Scrúdaigh an radharc i *Maighdean an tSeansailéara Rolin* (fíor 31.2) agus scríobh nóta air. Déan tagairt don pheirspeictíocht agus do na mionsonraí san obair.
2. Scrúdaigh *Arnolfini agus a Bhrídeach* (fíor 31.3) agus déan cur síos ar na tagairtí siombalacha atá sa saothar.